Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Iúil 2023**
**(OR. en)**

**11843/23**

**DRS 41**
**ECOFIN 776**
**EF 235**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coimisiún Eorpach |
| dáta a fuarthas: | 11 Iúil 2023 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | D090395/01 |
| Ábhar: | RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an XXX lena leasaítear Rialachán (AE) (*mar gheall ar aisghairm agus ionadú reatha Rialachán comhdhlúite IFRS (CE) Uimh. 1126/2008 (ISC/2023/01135) cuirfear an uimhir nua leis a luaithe a ghlacfaidh an Coimisiún an Rialachán nua IFRS*)/2023 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le Caighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais 16 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D090395/01.

---

Faoi iamh: D090395/01

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, XXX
[…](2023) XXX draft

**D090395/01**

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear Rialachán (AE) (*mar gheall ar aisghairm agus ionadú reatha Rialachán comhdhlúite IFRS (CE) Uimh. 1126/2008 (ISC/2023/01135) cuirfear an uimhir nua leis a luaithe a ghlacfaidh an Coimisiún an Rialachán nua IFRS*)/2023 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le Caighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais 16**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear Rialachán (AE) (*mar gheall ar aisghairm agus ionadú reatha Rialachán comhdhlúite IFRS (CE) Uimh. 1126/2008 (ISC/2023/01135) cuirfear an uimhir nua leis a luaithe a ghlacfaidh an Coimisiún an Rialachán nua IFRS*)/2023 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le Caighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais 16**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Iúil 2002 maidir le caighdeáin chuntasaíochta idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm[1], agus go háirithe Airteagal 3(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) (*mar gheall ar aisghairm agus ionadú reatha Rialachán comhdhlúite IFRS (CE) Uimh. 1126/2008 (ISC/2023/01135) cuirfear an uimhir nua leis a luaithe a ghlacfaidh an Coimisiún an Rialachán nua IFRS*)/2023 ón gCoimisiún[2] glacadh caighdeáin agus léirmhínithe cuntasaíochta idirnáisiúnta áirithe a bhí ann an ... Mí 2023.

(2) An 22 Meán Fómhair 2022, d'eisigh an Bord um Chaighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasaíochta leasuithe ar Chaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais 16 *Léasanna* ('IFRS 16'), lena leagtar síos an dóigh ar cheart do chuideachta léasanna a aithint, a thomhas, a chur i láthair agus a nochtadh. Leis na leasuithe ar IFRS 16 sonraítear an dóigh a dtomhaiseann an díoltóir is léasaí idirbhearta um dhíol agus um aisléasú ina dhiaidh sin.

(3) Tar éis dul i gcomhairle leis an nGrúpa Comhairleach Eorpach um Thuairisciú Airgeadais, cinneann an Coimisiún maidir leis na leasuithe ar IFRS 16 go gcomhlíontar na critéir maidir le glacadh mar a leagtar amach in Airteagal 3(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) (*mar gheall ar aisghairm agus ionadú reatha Rialachán comhdhlúite IFRS (CE) Uimh. 1126/2008 (ISC/2023/01135) cuirfear an uimhir nua leis a luaithe a ghlacfaidh an Coimisiún an Rialachán nua IFRS*)/2023 ón gCoimisiún a leasú dá réir sin.

(5) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste Rialála Cuntasaíochta,

[1] IO L 243, 11.9.2002, lch. 1.
[2] tabharfar cothrom le dáta é a luaithe a ghlacfaidh an Coimisiún an Rialachán nua IFRS.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) (*mar gheall ar aisghairm agus ionadú reatha Rialachán comhdhlúite IFRS (CE) Uimh. 1126/2008 (ISC/2023/01135) cuirfear an uimhir nua leis a luaithe a ghlacfaidh an Coimisiún an Rialachán nua IFRS*)/2023 ón gCoimisiún, leasaítear Caighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais 16 *Léasanna* mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Cuirfidh gach cuideachta na leasuithe dá dtagraítear in Airteagal 1 i bhfeidhm ó dháta tosaithe a céad bhliana airgeadais dar tús an 1 Eanáir 2024, nó dá éis, ar a dhéanaí.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula von der Leyen*